

An tInnéacs Comhionannais Inscne 2019: Cuid mhór le déanamh fós

Maidir le cúrsaí a bhaineann le comhionannas inscne, tá an dul chun cinn san AE an-mhall go deo fós. Léirítear san Innéacs Comhionannais Inscne is déanaí ón Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE) nach bhfuil ach méadú le pointe amháin, go 67.4, ar scór an AE do chomhionannas inscne ó bhí eagrán 2017 ann. Tá an tSualainn fós ar bharr scórchlár an AE, agus 83.6 pointe aici, agus an Danmhairg ina diaidh le 77.5. Tá an dul chun cinn is mó atá le déanamh fós ag an nGréig agus ag an Ungáir, agus scór níos lú ná 52 ag an mbeirt acu. Is í an Phortaingéil an tír a léiríonn an feabhas is mó, agus méadú le 3.9 bpointe i gceist, agus an Eastóin díreach taobh thiar di le méadú le 3.1 pointe aici.

“Táimid ag bogadh sa treo ceart, ach tá cuid mhór le déanamh againn fós. Léirítear inár n-Innéacs, lena socraítear tagarmharc don chomhionannas inscne san AE, go dtiteann beagnach leathchuid de na Ballstáit go léir faoi bhun 60 pointe. De réir mar a dhéanann Parlaimint nua na hEorpa agus an Coimisiún Eorpach tosaíochtaí don chéad chreat straitéiseach eile a mhúnlú agus a athnuachan, tá sé ríthábhachtach go ndéantar an-dul chun cinn ar chomhionannas inscne,” a dúirt **Virginija Langbakk**, Stiúrthóir na hInstitiúide Eorpaí um Chomhionannas Inscne (EIGE).

Is í cumhacht an réimse scórála is ísle, a phléann le comhionannas i gcinnteoireacht. Mar sin féin, is é sin an réimse ina bhfuil an dul chun cinn is mó. Is é an méadú atá ag teacht ar líon na mban ar bhoird chuideachtaí atá ina chúis leis seo, den chuid is mó, ach ní tharlaíonn sé ach i roinnt Ballstát. Is í an Fhrainc an t-aon tír amháin a bhfuil 40% ar a laghad den dá inscne ar bhoird na gcuideachtaí sin atá liostaithe go poiblí.

“Ní féidir leis an Eoraip barr a cumais a bhaint amach mar gheall ar neamhionannas inscne. Tá bród orm faoina bhfuil bainte amach againn. Mar sin féin, is gá dífeall a dhéanamh ar an láthair lenár gcuid ghníomhaíochtaí. Beidh an-athrú do mhná agus d’fhir ar fud na hEorpa ag baint lenár dTreoir um Chothromaíocht Oibre is Saoil, rud a glacadh i mbliana. Tacóidh na rialacha le comhroinnt níos cothroime d’fhreagrachtaí cúraim, rud a fhágfaidh go mbeidh mná in ann fanacht ar an margadh saothair agus ról dhúshlánacha nó poist bhainistíochta a ghlacadh,” a dúirt **Věra Jourová**, an Coimisinéir Eorpach um Cheartas, Tomhaltóirí agus Comhionannas Inscne.

Fócas ar chothromaíocht oibre is saoil

Tá fócas speisialta in Innéacs na bliana seo ar chothromaíocht oibre is saoil agus ar a cheangal le comhionannas inscne. Tá saoire thuismitheoireachta ar cheann de na bearta beartais is tábhachtaí chun tacú le thuismitheoirí a fhreastalaíonn ar dhualgais chúraim agus ar an obair araon, ach níl sí ar fáil do chách. San AE, tá 28% de mhná agus 20% d’fhir neamh-incháilithe le saoire thuismitheoireachta a fháil.

Tá rochtain ar sheirbhísí cúraim leanaí ar ardchaighdeán agus ar phraghas réasúnta tábhachtach ó thaobh chothromaíocht oibre is saoil de, ach ní hiad leanaí amháin a bhfuil cúram ag teastáil uathu. Tá méadú ag teacht ar rátaí aosaithe agus ar rátaí míchumais san Aontas Eorpach, rud a mhéadaíonn an t-éileamh ar sheirbhísí cúraim fhadtéarmaigh do dhaoine scothaosta agus do dhaoine faoi mhíchumas. Is iad na mná atá in aois réamhscoir a dhéanann an chuid is mó den chúram fadtéarmach neamhfhoirmiúil san AE. Tá an difríocht suntasach san aoisghrúpa 50-64: Soláthraíonn 21% de mhná agus 11% d’fhir cúram do dhaoine scothaosta agus/nó do dhaoine faoi mhíchumas roinnt laethanta sa tseachtain ar a laghad.

Mar chuid den anailís ar chothromaíocht oibre is saoil, scrúdaíodh san Innéacs freisin cé acu an bhfuil na deiseanna céanna ag mná agus ag fir chun dul ag obair ar bhealach solúbtha, chun freastal

ar chúrsaí oiliúna, chun úsáid a bhaint as cúrsaí iompair agus chun an turas chun na hoibre a dhéanamh. Tá socruithe solúbtha oibre mar chuid thábhachtach den chothromaíocht oibre is saoil. Léirítear i scórchlár chothromaíocht oibre is saoil EIGE na roghanna éagsúla atá ag daoine chun cothromaíocht a bhaint amach idir a gcuid oibre agus a saol pearsanta. Léirítear ann cé acu an bhfuil na roghanna sin ar fáil go cothrom do mhná agus d'fhir agus tugtar leis smaointe nua le faireachán a dhéanamh ar *Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta* agus ar a Thionscnamh Choithromaíocht Oibre is Saoil.

I ndáil le fiosrúcháin na meán, téigh i dteagmháil le do thoil le Veronica Collins, +370 5 2157 449, veronica.collins@eige.europa.eu

Féach ar an [Innéacs Comhionannais Inscne 2019](#) ar ár láithreán gréasáin agus faigh amach scór do tíre féin.

Tá an tInnéacs Comhionannais Inscne 2019 ar fáil inniu. Féach ar ár leathanach [Facebook](#) chun breathnú ar na torthaí beo ón mBruiséil, ag tosú ar 09:00 Am Samhraidh Lár na hEorpa. Lean sinn ar [Twitter](#) chun tuúiteanna agus an t-eolas is déanaí a fháil le linn an lae, tríd an haischlib #EIGEIndex a úsáid

Is ionann an tInnéacs Comhionannais Inscne agus uirlis lena dtomhaistear an dul chun cinn atá á dhéanamh ar chomhionannas inscne san Aontas Eorpach. Is í an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE) a d'fhorbair é. Is é atá i gceist leis an Innéacs ná sé chroíréimse – obair, airgead, eolas, am, cumhacht agus sláinte – agus dhá réimse breise: foréigean in aghaidh na mban agus neamhionannais thrasnacha. Leis an Innéacs, tarraingítear aird ar na réimsí a bhfuil feabhas ag teastáil orthu agus, ar deireadh, tacaítear leis an lucht déanta beartas chun bearta comhionannais inscne níos éifeachtaí a dhearadh.

Léirítear san Innéacs freisin na réaltachtaí éagsúla atá os comhair grúpaí éagsúla ban agus fear.